

Irish Studies South

Issue 1 *Remembering Seamus Heaney*


Article 16

August 2014

"Amach as an Iontas," Isteach san Iontas, I gCuimhneachán: Seamus Heaney (1939-2013)

Roslyn Blyn-LaDrew

Follow this and additional works at: <https://digitalcommons.georgiasouthern.edu/iss>

 Part of the [Celtic Studies Commons](#), and the [Literature in English, British Isles Commons](#)

Recommended Citation

Blyn-LaDrew, Roslyn (2014) ""Amach as an Iontas," Isteach san Iontas, I gCuimhneachán: Seamus Heaney (1939-2013)," *Irish Studies South*: Iss. 1, Article 16.

Available at: <https://digitalcommons.georgiasouthern.edu/iss/vol1/iss1/16>

This article is brought to you for free and open access by the Journals at Digital Commons@Georgia Southern. It has been accepted for inclusion in Irish Studies South by an authorized administrator of Digital Commons@Georgia Southern. For more information, please contact digitalcommons@georgiasouthern.edu.

“Amach as an Iontas,” Isteach san Iontas I gCuimhneachán: Seamus Heaney (1939-2013)

Roslyn Blyn-LaDrew

Thart fá 1250 A.D. Gan rírú nó ruaille buaille ar bith, ar nós tuairisc thráchtá an lae inniu, bhreac scríobhaí Lochlannach síos ina láimhscríbhinn gur ardaigh lucht oireachtais ag Cluain Mhic Nóis a súile agus go bhfaca siad ancaire ag teacht anuas ón spéir. Ag breathnú ní b' airde, chonaic siad go raibh rópa ceangailte don ancaire agus é ar bogarnach thar thaobh loinge. Ag snámh tríd an aer a bhí an long. Nuair a bhí an t-ancaire beagnach ar an urlár, chuaigh sé i bhfostú i ndoras na cille. Céard a tharla ansin ach fear foirne ó long an aeir ag dreapadh síos? Rinne sé iarracht an t-ancaire a scaoileadh ach is beag nár “bádh” é, ag anáilú ár n-aeir, mar a tharlódh dúinn an domhain seo dá mbeadh muid ag ionanáilú uisce. Ghearr lucht an oireachtais an rópa agus scaoileadh an fear. D’fhill sé ar an long, ag fágáil an ancaire ina dhiaidh. Na céadta i ndiaidh an fhágáil ina dhiaidh sin, chuir Seamus Heaney an tarlú seo isteach ina dhán “Lightenings viii” (i. “Éadromuithe viii”).

Thart fá 1330 A.D. Gan rírú nó ruaille buaille, gan fuile faile nó gaoirle guairle, bhreac scríobhaí Éireannach síos leagan eile den tarlú sin sna hannála. Ag insint na fírinne agus gan a bheith ag finscéalaíocht, an fhírinne mar a samhlaíodh dó í, ar a laghad, dúirt sé gur nocht long san aer, í mar a bheadh sí ar snámh ar an bhfarraige. D’ardaigh lucht na cille a súile agus céard a chonaic siad ach ancaire ag teacht anuas. Rug an chlérí air. Tháinig fear foirne ó long an aeir, agus an ghluaiseacht a bhí air mar a bheadh sé ag snámh san fharraige, mar de réir na láimhscríbhinne, bhí ár n-aer “*mar budh uisgi do.*” Rinne sé iarracht an t-ancaire a scaoileadh. “*Ar Dia frib! Legidh uaib me uair atathur ocum bathadh agaibh!*” a dúirt sé, ag impí ar na cléirigh gan a bheith ag breith air, mar bhí sé á bhá acu. Scaoil siad é agus shnámh sé suas ar ais go dtí an long, tríd an aer-uisce, agus an t-ancaire leis, de réir leagan seo an scéil. Chun an scéal seo a chríochnú, dá “*mirabile dictu*” dúinn inniu é, ní dhearna an scríobhaí turchainteach ach “7 rí” a scríobh ag deireadh an scéil, .i. ní dhearna sé ach “agus araile” a rá mar fhocal scoir. Mar a bheadh iontais mar seo ag tarlú chomh minic sin nach bhfuil mionrudaí de dhíth. Na céadta ina dhiaidh sin, chuir Seamus Heaney an tarlú seo isteach ina dhán “Lightenings viii” (“Éadromuithe viii”), dán atá chomh suntasach gonta go bhfuil na focail féin gann ann, gan ann ach céad is a haon díobh.

1991 D’fhoilsigh Seamus Heaney *Seeing Things*, cnuasach dánta a raibh an tsraith “Lightenings” (Éadromuithe) ann. Tá “Lightenings viii” (Éadromuithe viii) bunaithe ar an dá tharlú thuas, tarluithe ina bhfeictear an “aer-long.” Chomh gonta gairid is atá an dán (101 focal), d’éirigh le Heaney mothú iontais a chur i dtuiscint dúinne mar léitheoirí, mothú nach raibh sna téacsanna meánaoiseacha. Gabhann a líne dheireanach “Out of the marvellous as he knew it” muid le preab tuisceana. Sa líne seo cuireann Heaney síos ar an eachtra ó dhearcadh fhear foirne long an aeir. Meabhraíonn Heaney dúinn go mba chóir dúinn iarracht a dhéanamh i gcónaí rudaí a fheiceáil ó radharc daoine eile, go mór mór i gcásanna atá chomh casta leis na “Trioblóidí” ina thír dhúchais, Tuaisceart Éireann. Don taistealaí ó long an aeir tá ár ngnáthaer aisteach, iontach agus contúirteach. Seans maith go raibh an líne seo i *Seeing Things* ar cheann de na fachtóirí cinntitheacha a d’oibrigh ar mhaithe le baint Heaney Duais Nobel na Litríochta i 1995 agus tá sé

ar fáil ar shuíomh Idirlín nobelprize.org. Ar ndóigh, bhí a shárshaothar leanúnach i rith a shaoil i bhfilíocht mar fhachtóir ann chomh maith.

1995 Bronnadh Duais Nobel na Litríochta ar Heaney ar son *Seeing Things*. Agus ó!—an rírú agus an ruaille buaille, an fuile faile agus an gaoirle guairle nuair a bhí Éire, agus an domhan féin, ag ceiliúradh a dhuaise, an ceathrú ceann d’Éirinn (.i. buaiteoir Duais Nobel na Litríochta)

Lúnasa 2006 Tháinig stróc ar Heaney ach tháinig biseach air agus thosaigh sé arís a bheith ag scríobh, ag dul ar camchuart, agus ag tabhairt léachtaí. B’fhéidir go raibh saol na n-iontas ag sméideadh air ach scaoileadh é ón ngairm sin mar a scaoileadh fear foirne long an aeir sna hannála meánaoiseacha. “*Ar Dia frib! Legidh uaib me uair atathur ocum bathadh agaib,*” a d’impigh an fear foirne sin. Chuala na húdaráis atá i réim sa saol eile an achainí nua, níl a fhios arbh ó Heaney nó arbh ón domhan féin a tháinig an achainí sin, “Ligigí uaibh é,” agus cad a tharla ach gur ligeadh é.

30 Lúnasa 2013 Arís eile tháinig rópa anuas ó long aeir a raibh ancaire curtha aici, ach an uair seo is os cionn ospidéil, Clinic na Carraige Duibhe, i gContae Bhaile Átha Cliath a bhí sé, ní os cionn Chluain Mhic Nóis. An uair seo tháinig fear foirne long an aeir anuas agus tar éis tamaillín d’fhill sé ar ais go sábháilteacht a loinge ach an uair seo bhí paisinéir ina chuideachta. An uair seo chuaigh duine ab againne suas lena chompánach nua, agus sheol Séamus uainn i long an aeir.

2014 (le cuidiú Dé) Eitleoidh mise go hÉirinn ar Aer Lingus, aerlíne a gciallaíonn a hainm “long aeir,” ón Ghaeilge “long” (*ship*). Glacfaidh mé páirt i roinnt imeachtaí Gaeilge, cuspóir súl mo thurais, ach tá súil agam go mbeidh mé ábalta cuairt a thabhairt ar uaigh Heaney. Agus mé san áit sin, machnóidh mé ar an timtriall iomlán, ó chroinic mheánaoiseach go heitilt thrasatlantach, ó longa aeir rúnda go scairdeitleáin nua-aoiseacha, ón fhear foirne gan ainm a bhí ar long an aeir, é beagnach báite ag anáil ár n-aeir, go dtínár bhfile iomráiteach ionúin, Seamus Heaney, a tógadh isteach sa long aeir céanna gur shroich sé “nua-iontas” nár mhothaigh an chuid eile againn fós.

Nótaí

1) Tá téacs “Lightenings viii” ar fáil ag

http://www.nobelprize.org/nobel_prizes/literature/laureates/1995/poems-3-e.html.

2) Maidir le “rírú,” “ruaille buaille,” “fuile faile,” agus “gaoirle guairle,” ciallaíonn siad go léir “hubbub” nó “commotion.” Mar is léir do chainteoir Gaeilge, tá uaim agus rím dheireadh líne sna hathdhúbaltaigh seo. De ghnáth ní bheadh cainteoirí Gaeilge ag úsáid níos mó ná athdhúbaltach nó dhó in abairt amháin ach chuir mé ceithre cinn acu le chéile anseo chun ceo a chur ar an teorainn idir phrós agus fhilíocht. Cé nár scríobh Heaney a chuid filíochta i nGaeilge, chuir rithimí agus rímeanna na Gaeilge éirí lena ghuth liteartha Béarla. Agus ba mhínic gur labhair sé faoi neas-suíomh na Gaeilge agus an Bhéarla, i bhfocail mar “Mossbawn,” ainm fheirm a mhuintire i gContae Dhoire. Ba bhreá liom a bheith ag smaoinemh go dtaitneodh na hathdhúbaltaigh seo leis.

3) Nóta faoin leagan Gaeilge: Úsáidtear “long an aeir” (the ship of the air) anseo mar ciallaíonn “aerlong” “airship” sa nua-chomhthéacs (dirigible), aerárthach a úsáideann héiliam. Ní dóigh liom go raibh héiliam i gceist sa long a chonacthas i gCluain Mhic Nóis.